


Scríobh do Scrúduimhir anseo



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2018

BITHEOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

Dé Máirt, 12 Meitheamh – Tráthnóna, 2.00 – 5.00

Roinn A Freagair **cúig** cheist ar bith sa roinn seo.
Gabhann 20 marc le gach ceist.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh ar **an scrúdpháipéar seo**.

Roinn B Freagair **dhá** cheist ar bith sa roinn seo.
Gabhann 30 marc le gach ceist.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh ar **an scrúdpháipéar seo**.

Roinn C Freagair **ceithre** cheist ar bith sa roinn seo.
Gabhann 60 marc le gach ceist.
Scríobh do chuid freagraí **sa fhreagarleabhar**.

Moltar duit gan níos mó ná 30 nóiméad a chaitheamh ar Roinn A agus 30 nóiméad ar Roinn B, sa tstí go mbeidh 120 nóiméad agat do Roinn C.

Ní mór duit an scrúdpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe.

Roinn A
Freagair cúig cheist ar bith.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

- 1.** Freagair **cúig** cinn ar bith de na codanna (a) go (f) a leanas:

(a) Tabhair an **dá** phríomhchúis a dteastaíonn bia ó orgánaigh bheo.

1. _____ 2. _____

(b) Céard is polaisiúicríd ann?

(c) Ainmnigh an phríomh-pholaisiúicríd struchtúrtha i bplandaí.

(d) Déan cur síos ar chomhdhéanamh móilín tríghlicríde.

(e) Tabhair ról struchtúrtha atá ag lipidí i gcorp an duine.

(f) Ainmnigh tástáil nó tabhair na ceimiceáin a úsáidtear chun láithreacht próitéíne i sampla bia a thaispeáint. _____

- 2.** Ón eolas atá agat ar an éiceolaíocht, mínígh na téarmaí seo a leanas:

(a) Toisc bhitheach. _____

(b) Gnáthóg. _____

(c) Cumann. _____


(d) Pobal. _____

(e) Nideog. _____

(f) Bithsféar. _____

(g) Suirbhé cáilíochtúil. _____

3. Léirítear timthriall na cille sa léaráid.



- (a) Cén chéim de thimthriall na cille atá léirithe ag X?

- (b) Tá dhá chineál cilldeighilte ann, an mhiotóis agus an mhéóis. Sainmhínigh *an mhiotóis*.

- (c) Luaigh **dhá** shlí ina bhfuil difríocht idir an mhiotóis agus an mhéóis.

1. _____

2. _____

- (d) Mínigh an téarma *aisle*.

4. (a) Céard a chialláonn an téarma *innealtóireacht ghéiniteach*?

- (b) Bíonn na céimeanna seo a leanas i gceist san innealtóireacht ghéiniteach, ach ní gá gur san ord sin a tharlaíonn siad. Athscríobh na céimeanna sin agus cuir san ord ceart iad.

Trasfhoirmiú;

Gearradh;

Aonrú;

Léiriú.

1. _____

2. _____

3. _____

4. _____

- (c) Mínigh go hachomair céard atá i gceist le haonrú agus le léiriú maidir le hinnealtóireacht ghéiniteach.

Aonrú. _____

Léiriú. _____

- (d) San innealtóireacht ghéiniteach, úsáidtear móilíní DNA ar a dtugtar veicteoirí clónála le linn an trasfhoirmithe. Ainmnigh na fáinní DNA a bhíonn i mbaictéir is féidir a úsáid mar veicteoirí clónála.

- (e) Tabhair feidhm **amháin** a bhaintear as an innealtóireacht ghéiniteach in **dhá cheann** ar bith díobh seo: ainmhí, planda, miocrongánach.

Ainmhí. _____

Planda. _____

Miocrongánach. _____

5. (a) Céard is áicsin ann?

- (b) Maidir le háicsiní, luaigh:

- (i) Suíomh beacht i bplandaí ina dtáirgtear iad.

- (ii) Sampla amháin d'fheidhm thoirmeascach.

- (c) (i) Cén tstí go díreach a mbíonn tionchar ag tiúchan neamhchothrom áicsine sa chrios fadúcháin ar fhás péacáin **nó** ar fhás fréimhe?

Péacán. _____

NÓ

Fréamh. _____

- (ii) Cén chúis a d'fhéadfadh a bheith le tiúchan neamhchothrom áicsine i bpéacán **nó** i bhfréamh, dar leat?

Péacán. _____

NÓ


Fréamh. _____

- (d) Luaigh **dhá** úsáid a bhaintear as áicsiní nó as comhdhúile gaolmhara sa ghairneoireacht.

1. _____

2. _____

6. Sa léaráid, taispeántar struchtúr neafrón agus cuid den soláthar fola atá bainteach leis.



Sprioc-achar

- (a) Ainmnigh na struchtúir a bhfuil na lipéid X agus Y orthu.

X. _____

Y. _____

- (b) Tarraing líne on mbosca 'Sprioc-achar' thus, go dtí suíomh beacht ar an an léaráid, chun a léiriú ina dtéann an hormón ADH i bhfeidhm.

- (c) Tabhair cuntas achomair ar thionchar ADH ar a sprioc-achar.

- (d) Cén t-athrú i gcomhdhéanamh na fola a spreagann tál ADH?

- (e) Ainmnigh an fhaireog inchríneach ina dtáirtear ADH.

- (f) Mol cóireáil **amháin** is féidir a dhéanamh i gcás theip an duáin.

Roinn B

Freagair dhá cheist ar bith.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

Gabhann 6 mharc le cuid (a) agus 24 marc le cuid (b) i ngach ceist sa roinn seo.

7. (a) (i) Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach go bhfoilseodh eolaithe torthaí a gcuid taighde?

- (ii) Cen tslí ar féidir le heolaithe laofacht a sheachaint i dturgnaimh eolaíochta?

- (b) (i) Nuair a bhíonn turgnaimh áirithe á ndéanamh ag bíne na saotharlainne:

1. Cén tslí a gcinnteofá go gcoinneofaí iomoibreáin nó orgánaigh ar pH thairiseach thar thréimhse roinnt uaireanta an chloig?

2. Cén tslí a gcinnteofá go gcoinneofaí iomoibreáin nó orgánaigh ar teocht thairiseach thar thréimhse roinnt uaireanta an chloig?

- (ii) Nuair a d'úsáid tú giosta chun alcól a ullmhú:

1. Cén táirge eile a táirgeadh le linn an choipthe?

2. Cén tástáil a d'úsáid tú chun láithreacht alcóil a dhearbhú?

- (iii) Nuair a bhí micreascóp á úsáid agat chun eiseamail bhitheolaíochta a scrúdú, déan cur síos ar an tslí a ndearna tú iad seo:

1. Cumhacht formhéadaithe an mhicreascóip a ríomh.

2. An méid solais a bhí dírithe ar d'eiseamail a athrú.

- (iv) Maidir le hiniúchtaí ar bhia a rinne tú, luaigh:

1. Cén fáth ar cheart ligean don pháipéar donn, a d'úsáid tú chun láithreacht saille a thástáil, triomú.

2. Cén tástáil bia eile ina raibh sé riachtanach teas a úsáid.

8. (a) Roinntear próiseas na fótaisintéise i bplandaí ina dhá chéim, céim an tsolais agus an chéim dhorcha.

(i) Cén áit sa chill a dtarlaíonn an chéim dhorcha?

(ii) Cén fáth a dtugtar an chéim dhorcha ar an gcéim dhorcha?

- (b) Freagair na ceisteanna seo a leanas maidir le gníomhaíocht a rinne tú chun iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag déine an tsolais **nó** ag tiúchan na dé-ocsaíde carbóin ar ráta na fótaisintéise.

(i) Ainmnigh an planda ar bhain tú úsáid as i gcomhair an iniúchta sin.

(ii) Tabhair cúis leis an bplanda sin a úsáid.

(iii) Cén tslí ar thomhais tú ráta na fótaisintéise?

- (iv) Cuir lipéid ar na haiseanna thíos, **agus** tarraing sceitse de ghráf chun a léiriú conas a d'athródh ráta na fótaisintéise de réir mar a d'athródh an toisc a roghnaigh tú thar raon leathan.



(v) Mínigh cruth do ghraif.

9. (a) (i) Ainmnigh an fungas, seachas giosta, a ndearna tú staidéar air mar chuid de do chúrsa.
-

- (ii) Tabhair slí **amháin** ina bhfuil difear idir an fungas a d'ainmnigh tú i gcuid (i) agus giosta.
-

- (b) Freagair na ceisteanna seo a leanas maidir leis an iniúchadh a rinne tú ar fhás giosta duille agus plátaí agair á n-úsáid agat.

- (i) Luaigh **dhá** theicníc aiseipteacha a chuir tú i gcrích chun timpeallacht saor ó phataiginí a chinntiú.
-
-

- (ii) Cén cineál agair a mholtar d'fhás optamach giosta agus fungas eile?
-

- (iii) Déan cur síos ar an tslí a stóráladh na plátaí, ón am a cuireadh foinse an ghiosta leo go dtí go raibh fás an ghiosta le feiceáil ar an agar.
-
-
-
-
-

- (iv) Conas a shainaithin tú an giosta duille ag fás ar an agar?
-

- (v) Cén chúis, dar leat, go bhféadfadh sé nár fhás aon ghiosta duille nó fíorbheagán de ar an agar?
-

Roinn C
Freagair ceithre cheist ar bith.
Scríobh do chuid freagraí sa fhreagarleabhar.

10. (a) (i) Tarraing pirimid uimhreacha chun an t-eolas sa slabhra bia thíos a léiriú.

Tom róis → Boilb → Lonta dubha → Seabhac

- (ii) Cén téarma a úsáidtear chun cur síos ar na horgánaigh ar bharr slabhra bia?
(iii) Mínigh cén fáth nach mbíonn ach a trí nó a ceathair de leibhéal i bpirimidí uimhreacha de ghnáth.

(9)

- (b) Scríobh notaí fúthu seo a leanas.

- (i) Tosca a mbíonn tionchar acu ar mhéid an daonra.
(ii) Oiriúnuithe orgánaigh.
(iii) Caomhnú.

(27)

- (c) (i) Déan cur síos ar na céimeanna a ghlacfá chun meastachán a dhéanamh ar méid an phobail d'ainmhithe de speiceas áirithe san éiceachóras a ndearna tú staidéar air.

- (ii) Ainmnigh planda ón éiceachóras a ndearna tú staidéar air **agus** luaigh **dhá** thoisc aibitheacha a chuidíonn leis a bheith i láthair.
(iii) Conas a thomhais tú aon cheann **amháin** de na tosca aibitheacha a luaitear in (ii)?

(24)

11. (a) (i) Feidhmíonn an fhuil mar mheán iompair i gcorp an duine. Ainmnigh **dhá** shubstaint, seachas móilíní bia agus uisce, a iompraítear san fhuil.
- (ii) Luagh an suíomh sa chorp ina dtéann gach ceann de na substaintí atá luate agat in (i) isteach san fhuil.

(9)

- (b) (i) Tarraing léaráid chun an struchtúr ar chroí an duine agus ar na fuileadáin atá bainteach leis a léiriú, agus cuir lipéid ar gach ceann díobh seo a leanas:

An vena cava; an chomhla thríchuspach; an t-aorta; an méadailín clé; comhla chorránach; an t-artaire scamhógach.

- (ii) 1. Luagh suíomh beacht an nód cuasaitriach (SA) **agus** déan cur síos ar a ról.
2. Luagh suíomh beacht an nód atrimhéadailíneach (AV) **agus** déan cur síos ar a ról.
- (iii) Céard go díreach a bhíonn á thomhas nuair a thógtar brú fola duine éigin?

(27)

- (c) Freagair na ceisteanna seo a leanas ón eolas atá agat ar córas néarógach an duine.

- (i) Tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag gach ceann díobh seo a leanas i dtarchur néar-ríge:

1. Deindrítí
2. Acsón
3. Cill-chorp.

- (ii) Déan cur síos ar an tsuí a ndéantar néar-ríog a tharchur trasna scoilt shionapsach, ó néarón go chéile.

- (iii) Mínigh an tábhacht a bhaineann leis an truaill mhiailineach i dtarchur néar-ríge.

(24)

[THALL]

12. (a) (i) Mol buntáiste don chill as úsáid a bhaint as ATP mar fhoinsé fuinnimh, seachas móilín siúcra a bhriseadh síos gach uair a theastaíonn fuinneamh.
- (ii) Ainmnigh an bun nítrigineach **agus** an siúcra atá in ATP.

(9)

- (b) Freagair na ceisteanna seo a leanas ón eolas atá agat ar an riospráid.
- (i) Tabhair cothromóid chothromaithe cheimiceach chun achoimre a dhéanamh ar phróiseas na riospráide aerobaí.
- (ii) 1. Ainmnigh an pholaisiúicríd stórála sa duine as a dtáirgtear glúcós.
2. Tabhair láthair mhór stórála **amháin** ina stóráiltear an pholaisiúicríd seo sa chorp.
- (iii) Céard a tharlaíonn do mhólíní pioruváite a ullmhaíonn do thimthriall Krebs iad?
- (iv) Ainmnigh **trí** tháirge de chuid thimthriall Krebs.
- (v) Déan cur síos achomair ar a dtarlaíonn **d'aon cheann** ar bith de na táirgí a luatear i gcuid (iv) thuas.
- (vi) Céard é an glacóir leictreon deiridh sa riospráid aeróbach?

(27)

- (c) Freagair na ceisteanna seo a leanas ón eolas atá agat ar einsímí.
- (i) Mínigh sainiúlacht einsíme agus tú ag tagairt don láthair ghníomhach.
- (ii) Céard a tharlaíonn do ghníomhaíocht einsímí nuair a chuirtear i meán iad atá taobh amuigh dá pH optamach?
Mínigh do fhreagra.
- (iii) Ainmnigh **dhá** shubstaint a úsáidtear i saotharlann scoile chun einsímí nó cealla giosta a dhíluailiú.
- (iv) Tabhair **dhá** bhuntáiste a bhaineann le heinsímí díluailithe a úsáid.

(24)

13. (a) Bíonn an dá aigéad núicléacha, RNA agus DNA, sa chuid is mó de na horgánaigh.

- (i) Ainmnigh na naonáin atá gníomhach go bhitheolaíoch nach bhfuil ach cineál amháin aigéid núicléach ag gach aon ceann acu.
- (ii) Ainmnigh **dhá** láthair i gcealla eocarótacha ina bhfaightear RNA ach nach bhfaightear DNA.

(9)

(b) Rinne Gregor Mendel staidéar ar oidhreachtúlacht tréithe éagsúla i bplandaí pise. Taispeántar torthaí cuid dá iniúchtaí sa tábla.

Crosáil Tuismitheoirí	Feinitíopa F ₁
Síolta Cruinne x Rocacha	Go léir Cruinn
Síolta Buí x Glasa	Go léir Buí
Bláthanna Corcra x Bána	Go léir Corcra
Plandaí Arda x Abhcacha	Go léir Ard

- (i) Mar thoradh ar a chuid oibre, chuir sé dhá dhlí chun cinn, Dlí an Leithscártha agus Dlí na Saorshórtála. Luaigh an **dá** dhlí sin.
- (ii) Déantear planda pise abhcach a bhfuil síolta glasa air á gcrosáil le planda atá heitrisigeach maidir le tréithe na hairde agus dath na síl. Léirigh, trí chrosáil ghéiniteach, na géinitíopaí agus na feinitíopaí a d'fhéadfadh a bheith ag sliocht na crosála sin, sa chás nach bhfuil aon nascáil géinte i gceist.
- (iii) Mínigh conas a bheadh torthaí difriúla ar an gcrosáil in (ii) thusa dá mbeadh nascáil ann idir géinte na hairde agus géinte datha an tsíl.

(27)

(c) (i) Céard a chiallaíonn an téarma **éabhlóid**?


- (ii) Tabhair breac-chuntas ar theoríc na héabhlóide trí roghnú nádúrtha.
- (iii) Déan cur síos ar fhianaise ó fhoinse ainmnithe **amháin** a thacaíonn leis an éabhlóid.

(24)

14. Freagair **dhá** cheann ar bith de (a), (b), (c).

(30, 30)

- (a) (i) Sainmhínigh *scaipeadh* maidir le síolta.
Mol **dhá** chúis a bhfuil an scaipeadh tábhachtach do phlandaí.
- (ii) Luaigh slí **amháin** a bhfuil eolas ar shuanacht síolta tairbheach don duine.
- (iii) Seachas an t-uisce, ainmnigh **dhá** thoisc thimpeallachta atá riachtanach i gcomhair péacadh rathúil síolta.
- (iv) Cén ról atá ag an díleá **agus** ag an riospráid i bpéacadh síolta?
- (v) Taispeántar éagsúlachtaí i mais thirim piseanna thar thréimhse ama tar éis péacadh sa ghraf thíos. Tabhair cúis leo seo:
1. An laghdú sa mhais i dtús ama 2. An méadú sa mhais ina dhiaidh sin.
- (vi) Ainmnigh substaint a d'fhéadfadh a bheith ina cúis leis na hathruithe atá léirithe sa ghraf, de bharr a cainníocht sa síol a bheith ag athrú.



- (b) (i) Tarraing léaráid lipéadaithe de thrasghearradh trí dhuille.
- (ii) Cuir an litir X ar do léaráid chun an chuid sin den duille ina dtarlaíonn an chuid is mó den fhótaisintéis a léiriú **agus** míniugh cén fáth gur ansin is mó a tharlaíonn sé.
- (iii) Luaigh **dhá** shlí eile ina bhfuil an duille in oiriúint go maith don fhótaisintéis.
- (iv) Ainmnigh **trí** shubstaint a bhfuil baint acu le meitibileacht an duille agus a théann trí na stómaí.
- (v) Bíonn tionchar ag tiúchan gás áirithe ar thrastomhas na stómaí.
Ainmnigh an gás sin.
- (c) (i) Is orgán eisicríneach agus inchríneach araon é an paincréas.
Sainmhínigh an téarma *inchríneach*.
- (ii) Agus úsáid á baint agat as d'eolas ar ról inchríneach an phaincréis, luaigh:
1. Substaint a tháirgtear.
2. Ainm an fhíocháin inchrínigh sa phaincréas a tháirgeann é.
3. Suíomh gníomhaíochta na substainte a luaitear in 1.
4. An ról atá ag an tsubstaint a luaitear in 1.
- (iii) Déan cur síos ar an tslí a n-oibríonn meicníocht aischothaithe i gcóras inchríneach an duine.
- (iv) Tabhair **dhá** shampla d'úsáid forlíonta hormóní.

15. Freagair **dhá** cheann ar bith de (a), (b), (c).

(30, 30)

- (a) (i) Tabhair sampla **amháin** d'éifeacht thairbheach na mbaictéar, seachas táirgeadh antaibheatheach, agus sampla **amháin** d'éifeacht dhíobhálach na mbaictéar.
- (ii) Déanann baictéir atáirgeadh éighnéasach.
1. Ainmnigh modh sainiúil an atáirgthe éighnéasaigh a mbaineann baictéir leas as.
 2. Déan cur síos ar an bpróiseas atáirgthe éighnéasaigh sin.
- (iii) Is sampla í an pheinicillin d'antaibheatheach a tháirgtear ar mhórscála trí mhodh na baiscphróiseála.
1. Déan cur síos ar an mbaiscphróiseáil.
 2. Mínigh cén fáth a bhféadfadh contúirt a bheith ag baint le ró-úsáid antaibheatheach.
- (iv) Cén tslí a maireann baictéir áirithe nuair a éiríonn na cúinsí timpeallachta mífhabhrach?
- (b) Tabhair mionmhíniú bitheolaíochta ar gach aon cheann díobh seo a leanas.
- (i) Bíonn salainn domlais sa domlas, e.g. hidrigincharbónait sóidiam (NaHCO_3).
 - (ii) Bíonn an imdhíonacht mharthanach ina toradh ar an imdhíonacht ghníomhach.
 - (iii) Cuireann an duine allas le linn acláiochta.
 - (iv) Níor cheart antaibheatthaigh a ordú chun cóireáil dhíreach a dhéanamh ar an bhfliú.
 - (v) Úsáidtear tiúchan ard siúcra nó tiúchan ard salainn i leasú bia.
- (c) (i) Maidir le súil an duine, ainmnigh **agus** mínhig ról gach ceann díobh seo a leanas:
1. An sreabhán a líonann an seoimrín cúil.
 2. An **dá** chineál cille a ghabhann solas.
 3. An cumhdach trédhearach chun tosaigh ar an gcoirne.
- (ii) Mol buntáiste don duine a ghabhann le dhá shúil a bheith aige.
- (iii) Ainmnigh neamhord súile **nó** cluaise **agus** luaigh cóireáil ar an neamhord a luaitear.

Leathanach Bán